*Uimhir* 16 *de* 2019

# An tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (Leasú), 2019

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 16 *de* 2019

**AN tACHT UM GHAIRMITHE SLÁINTE AGUS CÚRAIM SHÓISIALAIGH (LEASÚ), 2019**

[*An tiontú oifigiúil*]

CLÁR AN ÁBHAIR


Alt

1. Míniú
2. Leasú ar alt 3 den Phríomh-Acht
3. Leasú ar alt 38 den Phríomh-Acht
4. Sceideal breise a chur ag gabháil leis an bPríomh-Acht
5. Gearrtheideal

## Na hAchtanna dá dTagraítear

An tAcht Sláinte, 2004 (Uimh. 42)

An tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (Uimh. 27)

*Uimhir* 16 *de* 2019

**AN tACHT UM GHAIRMITHE SLÁINTE AGUS CÚRAIM SHÓISIALAIGH (LEASÚ), 2019**

[*An tiontú oifigiúil*]

Acht do leasú an Achta um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 chun socrú a dhéanamh maidir le cáilíochtaí gairmiúla áirithe a aithint mar cháilíochtaí ceadaithe de réir bhrí alt 38 den Acht sin; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

[4 *Meitheamh* 2019]

**Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:**

**Míniú**

**1.** San Acht seo, ciallaíonn an "Príomh-Acht" an tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005.

**Leasú ar alt 3 den Phríomh-Acht**

**2.** Leasaítear alt 3 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (1), sa mhíniú ar "cáilíocht", i mír (a), trí "faoi alt 38(2)(a) " a chur in ionad "faoi alt 38".

**Leasú ar alt 38 den Phríomh-Acht**

**3.** Leasaítear alt 38 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (2)—

(i) i mír (c), tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (ii):

"(ii) go bhfuil cáilíocht ghairmiúil aige nó aici is cáilíocht ghairmiúil a dtugann an bord clárúcháin lena mbaineann breith ina leith nach cáilíocht ghairmiúil í a fhianaíonn caighdeán oilteachta den sórt sin, ach go bhfuil sé nó sí ina ábhar nó ina hábhar do bhreith ón mbord clárúcháin gur chríochnaigh sé nó sí go rathúil, sa Stát, an triail infheidhmeachta nó an tréimhse oiriúnaithe a cheangail an bord clárúcháin ar an duine,",

(ii) i mír (d)(ii)(II), trí "don ghairm sin, nó" a chur in ionad "don ghairm sin.", agus

(iii) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (d):

"(e) i gcás gairm shainainmnithe iomchuí, gur duine seachas duine dá dtagraítear i mír (a), (b), (c) nó (d) an duine, agus go bhfuil cáilíocht ghairmiúil iomchuí aige nó aici sa ghairm sin.",

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2F):

"(2G) Aon doiciméad a airbheartaíonn gur fianaise é ar an aitheantas dá dtagraítear sa mhíniú ar 'cáilíocht ghairmiúil iomchuí' measfar, chun críocha an Achta seo agus cheal fianaise ar a mhalairt, gur cruthúnas ar an aitheantas sin é.",

agus

(c) i bhfo-alt (4), trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

"ciallaíonn 'gairm shainainmnithe iomchuí' gairm shainainmnithe a liostaítear sa dara colún de Sceideal 4;

ciallaíonn 'duine iomchuí', i ndáil le gairm shainainmnithe iomchuí, an duine a liostaítear os coinne na gairme sin sa tríú colún de Sceideal 4;

ciallaíonn 'cáilíocht ghairmiúil iomchuí', i ndáil le gairm shainainmnithe iomchuí, cáilíocht ghairmiúil a d'aithin an duine iomchuí—

(a) mar cháilíocht ghairmiúil a d'fhianaigh caighdeán oilteachta a d'fhág go raibh sealbhóir na cáilíochta sin incháilithe lena earcú nó lena hearcú ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (nó ag aon chomhlacht sonraithe de réir bhrí alt 56 den Acht Sláinte, 2004) sa ghairm lena mbaineann an cháilíocht sin, agus

(b) i gcás na ngairmeacha seo a leanas—

(i) an ghairm shainainmnithe iomchuí arb éard í radharcmheastóir urghnaimh nó optaiméadraí—

(I) roimh an 31 Deireadh Fómhair 2015, nó

(II) ar an 31 Deireadh Fómhair 2015 nó dá éis i gcás gur chuir an duine iomchuí tús le measúnacht chun críoch aitheantais den sórt sin roimh an dáta sin,

agus

(ii) aon ghairm shainainmnithe iomchuí eile—

(I) roimh an dáta ar a ndearnadh an clár don ghairm shainainmnithe a bhunú faoi alt 36(1), nó

(II) ar an dáta dá dtagraítear i gclásal (I) nó dá éis i gcás gur chuir an duine iomchuí tús le measúnacht chun críoch aitheantais den sórt sin roimh an dáta sin.".

**Sceideal breise a chur ag gabháil leis an bPríomh-Acht**

**4.** Leasaítear an Príomh-Acht tríd an Sceideal seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Sceideal 3:

“Sceideal 4

Alt 38

*An Cháilíocht Ghairmiúil Iomchuí: An Ghairm Shainainmnithe Iomchuí agus An Duine Iomchuí*

| **ÍTIM UIMH. (1)** | **AN GHAIRM SHAINAINMNITHE IOMCHUÍ (2)** | **AN DUINE IOMCHUÍ (3)** |
|---|---|---|
| 1. | Bithcheimiceoir Cliniciúil | An tAire |
| 2. | Diaitéiteach | An tAire |
| 3. | Radharcmheastóir Urghnaimh | Bord na Radharcmheastóirí |
| 4. | Eolaí Míochaine | An tAire, An tAcadamh um Eolaíocht Saotharlainne Míochaine nó An tAcadamh um Eolaíocht Chliniciúil agus Míochaine Shaotharlainne |
| 5. | Teiripeoir Ceirde | An tAire |
| 6. | Optaiméadraí | Bord na Radharcmheastóirí |
| 7. | Ortoptach | An tAire |
| 8. | Fisiteiripeoir | An tAire nó Cumann Fisiteiripeoirí Cairte na hÉireann |
| 9. | Póidiatraí | An tAire |
| 10. | Síceolaí | An tAire |
| 11. | Radagrafaí | An tAire |
| 12. | Teiripeoir Radaíochta | An tAire |
| 13. | Oibrí Sóisialach | An tAire, An Comhlacht Náisiúnta um Bailíochtú Cáilíochtaí agus Oiliúna san Obair Shóisialach nó An Bord Cáilíochtaí Náisiúnta don Obair Shóisialach |
| 14. | Teiripeoir Urlabhra agus Teanga | An tAire |

”.

**Gearrtheideal**

**5.** Féadfar an tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (Leasú), 2019 a ghairm den Acht seo.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
52 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2.
(Teil: 01 - 6476834 nó 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
52 ST. STEPHEN'S GREEN, DUBLIN 2.
(Tel: 01 - 6476834 or 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
or through any bookseller.

€1.27

Wt. _. 22. 1/20. Essentra. (81655). Gr.30-15.

ISBN 978-1-4468-6656-6

9 781446 866566